Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14823/19**

**EF 353**
**ECOFIN 1111**
**DROIPEN 195**
**CRIMORG 165**
**CT 135**
**FISC 475**
**COTER 166**
**FSC 6**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí straitéiseacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí straitéiseacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3736ú cruinniú dá cuid, a tionóladh ar an 5 Nollaig 2019 sa Bhruiséil.

***CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE***
***maidir le***
***tosaíochtaí straitéiseacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. Á MEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2016[1] agus Clár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024[2], agus ag leanúint ó na conclúidí ón gComhairle ó mhí Feabhra 2016[3], ó mhí Dheireadh Fómhair 2016[4] agus ó mhí na Nollag 2018[5] maidir le frithsciúradh airgid, CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú sceimhlitheoireachta mar ardtosaíocht i gcónaí ag an Aontas Eorpach.

2. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na hathruithe a rinneadh le déanaí ar an gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear glacadh an chúigiú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid, mar aon leis an Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil agus an Treoir maidir le húsáid faisnéise airgeadais a éascú chun an choireacht a chomhrac, ról na maoirseoirí stuamachta a shoiléiriú sa chúigiú Treoir um Cheanglais Chaipitil, agus ról neartaithe an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac trí leasú a dhéanamh ar Rialacháin bhunaidh na nÚdarás Maoirseachta Eorpach.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2018 ón gComhairle agus iarrachtaí na mBallstát a gcreataí frithsciúrtha airgid agus a gcreataí maidir leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú sceimhlitheoireachta a neartú tar éis na gcásanna líomhnaithe sciúrtha airgid a bhain le bainc an Aontais le déanaí.

---

[1] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2016 (ST 26/16).
[2] Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024 (ST EUCO 9/19), ina n-iarrtar comhar agus comhroinnt faisnéise níos fearr chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac.
[3] Conclúidí ón gComhairle an 12 Feabhra 2016 maidir leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú sceimhlitheoireachta (ST 6068/16).
[4] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le bearta breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcomhrac i gcoinne na himghabhála cánach agus na seachanta cánach (ST 13139/16).
[5] Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta um Fhrithsciúradh Airgid (ST 15164/18).

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuarascálacha a thíolaic an Coimisiún i mí Iúil 2019[6] maidir le cur chun feidhme chreat an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. TUGANN SÍ DÁ hAIRE roinnt cásanna sainaitheanta maidir leis an gcreat ábhartha a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm ar bhealach nach bhfuil leordhóthanach, go háirithe i ndáil le comhar agus comhordú trasteorann.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun na réimsí ina bhféadfaí an creat dlíthiúil reatha a chomhchuibhiú a thuilleadh ar fud an Aontais a chinneadh ionas go mbeidh na húdaráis inniúla éagsúla agus na heintitis éagsúla faoi oibleagáid in ann a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí, agus ionas go mbeidh comhar agus comhordú níos éifeachtaí ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár cheart obair den chineál sin a theorannú don earnáil airgeadais, agus go bhféadfaí aird a thabhairt freisin ar chomhchuibhiú breise na bhforálacha áirithe a bhaineann le hearnálacha eile a chumhdaítear leis an reachtaíocht ábhartha.

6. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na torthaí sna tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le saincheisteanna struchtúracha atá fós gan réiteach a bhaineann le maoirseoirí frithsciúrtha airgid agus an gá atá le comhordú níos láidre idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfeabhsófaí éifeachtacht an chreata reatha dá dtabharfaí aghaidh orthu.

[6] ST 11514/19 (+ADD1), ST 11516/19, ST 11517/19, ST 11518/19, ST 11519/19.

7. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart athchóirithe féideartha a dhréachtú ar bhealach cuimsitheach, machnamh a dhéanamh ar na hathruithe a rinneadh le déanaí ar an gcreat dlíthiúil agus ar na bearta a cuireadh i gcrích faoi Phlean Gníomhaíochta 2018 ón gComhairle, agus ról na n-údarás inniúil éagsúil a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú sceimhlitheoireachta a chur san áireamh, agus, ag an am céanna, sláine an mhargaidh inmheánaigh, cobhsaíocht airgeadais agus slándáil an Aontais a chosaint, agus i gcomhréir le prionsabail ghinearálta na gConarthaí, amhail an chomhréireacht agus an choimhdeacht.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá feabhas a chur ar acmhainneacht na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais chun dul i ngleic le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear tríd an gcomhar eatarthu a neartú agus -an obair chomhordaithe a dhéanann Ardán an Aontais do na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais a threisiú.

9. AITHNÍONN SÍ na torthaí sa mheasúnú riosca fornáisiúnta agus AITHNÍONN SÍ go mbainfear leas as na torthaí sin sna measúnuithe riosca a dhéanfaidh na húdaráis náisiúnta, mar a chumhdaítear iad sa Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur feiniméin dhomhanda iad sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta nach stopann ag teorainneacha an Aontais, agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an obair leanúnach i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe na hiarrachtaí a rinneadh i gcomhthéacs an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) chun caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus mhaoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair a rinne an Coimisiún maidir leis an modheolaíocht a bheachtú chun tríú tíortha ardriosca a shainaithint mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid.

12. MEABHRAÍONN SÍ na gealltanais a tugadh ag an G20, go háirithe i dtaca le cur chun feidhme prionsabal ardleibhéil maidir le trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil, ar príomhthosaíochtaí iad i gcónaí i gcomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú sceimhlitheoireachta.

Sa chomhthéacs sin, déanann AN CHOMHAIRLE an méid a leanas:

13. ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit go léir trasuí reachtaíocht ábhartha uile an Aontais sa réimse sin a thabhairt chun críche go pras agus cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta sin a neartú a luaithe is féidir.

14. IARRANN SÍ ar na páirtithe ábhartha uile na gníomhaíochtaí a shonraítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Frithsciúradh Airgid i mí Nollaig 2018 a thabhairt chun críche.

15. IARRANN SÍ go gcuirfí dlús le hiarrachtaí chun aitheantas a fháil ó FATF agus ó MONEYVAL maidir le gné fhornáisiúnta chreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh i ndáil le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus ag tabhairt dá haire ag an am céanna gur cheart leanúint de chaighdeáin idirnáisiúnta a ionchorprú i ndlí an Aontais ar bhealach tráthúil, cuimsitheach lena n-áirithítear go mbeifear á gcomhlíonadh ina n-iomláine agus go cothrom ar fud an mhargaidh inmheánaigh.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh, mar ábhar tosaíochta, ar aon srianta a d'fhéadfadh teacht as an reachtaíocht atá ann cheana, nó easpa srianta mar sin, maidir le malartú éifeachtúil faisnéise agus comhar i measc na n-údarás inniúil ábhartha uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chreat an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus maoirseacht a dhéanamh air, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tograí reachtacha a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an chreata sin.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh an bhféadfaí sásra comhordúcháin agus tacaíochta a chruthú lena spreagfaí agus lena n-éascófaí obair thrasteorann na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais, lena n-áirítear trí chomhar straitéiseach a fheabhsú agus trí anailísí comhpháirteacha a chur chun cinn.

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chreat an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear a mheas an bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe ar bhealach níos fearr trí rialachán, agus trí fhéachaint ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le leas a bhaint as nuálaíocht theicneolaíoch chun frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt don earnáil airgeadais ach breathnú freisin ar fheabhsuithe breise a dhéanamh ar an gcreat le haghaidh réimsí áirithe den earnáil neamhairgeadais, agus an tionchar a bheadh ag cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil a tugadh isteach le déanaí á chur san áireamh ag an am céanna.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún breathnú ar bhealaí éagsúla chun maoirseacht ardleibhéil chomhsheasmhach ar fhrithsciúradh airgid a áirithiú ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar stóinseacht agus éifeachtúlacht na gcleachtas forfheidhmiúcháin, agus nuair a bheidh gnéithe trasteorann agus comhar i measc na n-údarás i gceist freisin.

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint go háirithe ar na féidearthachtaí, na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le freagrachtaí agus cumhachtaí áirithe a thabhairt do chomhlacht de chuid an Aontais a bhfuil struchtúr neamhspleách agus cumhachtaí díreacha aige maidir le heintitis áirithe faoi oibleagáid arna roghnú ag comhlacht de chuid an Aontais i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe, agus gnéithe trasteorann á gcur san áireamh, agus bunaithe ar anailís chuimsitheach, chun tograí reachtacha a thíolacadh i ndáil leis sin ag an am céanna leis na hiarrachtaí chun leibhéal níos airde comhchuibhithe a bhaint amach trí rialachán maidir le frithsciúradh airgid.

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair ar na gníomhaíochtaí a leagtar amach thuas i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus tuarascáil a thabhairt gach sé mhí, ag tosú le mí an Mheithimh 2020.